2024/1665

13.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1665 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meitheamh 2024

faireachán agus forfheidhmiú na ngealltanas a rinneadh ceangailteach i gCás M.6447 — IAG/BMI a aistriú chuig údarás iomaíochta náisiúnta ainmnithe na Ríochta Aontaithe de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint d'Airteagal 95(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]), (Comhaontú um Tharraingt Siar),

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([2]),

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 57 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), agus go háirithe Airteagal 6(1)(b) agus Airteagal 6(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An Cinneadh maidir le Cumaisc agus na Gealltanais

(1) Sa chinneadh uaidh an 30 Márta 2012 ('an Cinneadh maidir le Cumaisc') ([4]), dhearbhaigh an Coimisiún go raibh éadáil an aerlíne British Midlands Limited ('bmi') de chuid na Ríochta Aontaithe, ag an International Consolidated Airlines Group ('IAG'), cuideachta sealbhaíochta British Airways, Iberia, Aer Lingus, Vueling agus Level, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus leis an gComhaontú LEE, faoi réir leigheasanna ('na Gealltanais').

(2) Is é príomhghné na nGealltanas scaoileadh agus aistriú líon Sliotán ([5]) in aerfort Heathrow Londain ('LHR'), sliotáin atá le hoibriú ag Iontrálaithe Ionchasacha ar na bealaí Londain-Obar Dheathain, Londain-Dún Éideann, Londain-Nice, Londain-Moscó ([6]), Londain-Caireo, agus Londain-Riyadh. Ina theannta sin, gheall IAG paisinéirí nasceitiltí a iompar chun eitiltí cianaistir amach as LHR de chuid aerlíntí iomaíocha a líonadh. Ina leith sin, leis na Gealltanais ceadaítear d'iomaitheoirí IAG ar bhealaí cianaistir Comhaontuithe Speisialta Pro Rata a dhéanamh le IAG. Baineann gnéithe eile de na Gealltanais, *inter alia*, le cá mhéad is féidir táillí a chomhcheangal agus le cláir dhílseachta do dhaoine a eitlíonn go minic.

(3) Tá fad neamhtheoranta ag na Gealltanais agus beidh siad i bhfeidhm a fhad agus nach dtiocfaidh athrú ar an staid iomaíoch sna margaí ábhartha, rud a thabharfadh údar le tarscaoileadh na nGealltanas, agus cuirtear chun feidhme iad le tacaíocht ó Iontaobhaí Faireacháin.

(4) I gcaitheamh na mblianta ó glacadh an Cinneadh maidir le Cumaisc, deonaíodh Sliotáin do líon Iontrálaithe Ionchasacha de bhun na nGealltanas. Faoi láthair, tá Sliotáin fós ar fáil agus á dtairiscint d'Iontrálaithe Ionchasacha roimh gach Séasúr de IATA (is iad sin séasúir an gheimhridh agus an tsamhraidh a mbaineann IATA úsáid astu agus an tionscal aerlíne i gcoitinne).

([1]) IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 1.
([2]) IO C 326, 26.10.2012, lch. 47.
([3]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc'). Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, tá athruithe áirithe tugtha isteach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), amhail 'Aontas' a chur in ionad 'Comhphobal' agus 'margadh inmheánach' a chur in ionad 'cómhargadh'. Bainfear úsáid as téarmeolaíocht CFAE sa chinneadh seo.
([4]) C(2012) 2320.
([5]) Sa chinneadh seo, tá an bhrí a tugadh dóibh i gcinneadh ón gCoimisiún an 30 Márta 2012 i gCás M.6447 — IAG/bmi ag na téarmaí caipitlithe, ach amháin mura sonraítear a mhalairt.
([6]) Ó bhí Séasúr an Gheimhridh de IATA 2022/2023 ann ní thairgtear Sliotáin lena n-oibriú ar an mbealach go Moscó de dheasca na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

2. **An Creat dlíthiúil**

(5) Tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020.

(6) Tugadh an Comhaontú um Tharraingt Siar i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus na Ríochta Aontaithe, den pháirt eile. Tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ([7]) an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(7) Déantar foráil sa Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le hidirthréimhse, dar tús an 1 Feabhra 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2020, i gcomhréir le hAirteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

(8) De bhun Airteagal 95(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, an Cinneadh maidir le Cumaisc, a glacadh roimh dheireadh na hidirthréimhse agus a díríodh ar dhaoine dlítheanacha arna mbunú sa Ríochta Aontaithe, tá sé ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Coimisiún fós inniúil, mar phrionsabal, chun faireachán a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh nó na leigheasanna a forchuireadh sa Ríocht Aontaithe, nó i ndáil leis an Ríocht Aontaithe, i ndáil le aon imeacht a dhéanann an Coimisiún de réir, *inter alia*, an Rialacháin um Chumaisc agus chun iad a fhorfheidhmiú.

(10) Mar sin féin, ceadaítear le hAirteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar faireachán agus forfheidhmiú na ngealltanas sin nó na leigheasanna sin a aistriú chuig údarás iomaíochta náisiúnta ainmnithe de chuid na Ríochta Aontaithe, i.e. an tÚdarás Iomaíochta agus Margaí (an 'UIM'), le comhaontú idir an Coimisiún agus an t-údarás sin.

3. **Oiriúnacht an cháis atá le haistriú chuig an UIM**

3.1. *Comhaontú an UIM*

(11) Chomhaontaigh UIM faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na gealltanais i gcomhréir leis an gCinneadh maidir le Cumaisc atá le haistriú chuige, de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, le litir an 5 Aibreáin 2024 ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Cumaisc an UIM chuig an Leas-Ard-Stiúrthóir um Chumaisc AS na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin.

3.2. *Tuairimí páirtithe leasmhara*

(12) Ní shonraítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar aon cheanglas le haghaidh faireachán agus forfheidhmiú na ngealltanas a aistriú, go háirithe i ndáil le haon pháirtí leasmhar. Mar sin féin, leanann sé ó cheart gach duine chun dea-riaracháin ([8]) gur cheart an deis a thabhairt do na páirtithe a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh leis an aistriú a dtuairimí a chur in iúl ina leith sin.

(13) Leis an aistriú, athraítear an t-údarás atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar na Gealltanais agus iad a fhorfheidhmiú.

(14) Ar an gcéad dul síos, déanann an t-aistriú difear do sheasamh dlíthiúil IAG, ar ar ndearnadh na Gealltanais ceangailteach, ó tharla i ndiaidh an aistrithe go mbeadh ar IAG a oibleagáidí faoi na Gealltanais a dhéanamh *vis-à-vis* UIM i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta de chuid na Ríochta Aontaithe seachas iad a dhéanamh *vis-à-vis* an Coimisiún i gcomhréir le nósanna imeachta dhlí an Aontais.

(15) Ar an dara dul síos, déanann an t-aistriú difear do sheasamh dlíthiúil tríú páirtithe a fuair cearta faoi na Gealltanais, go háirithe na páirtithe ar bronnadh Sliotáin dóibh de bhun na nGealltanas. Dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta go ndéantar na coinníollacha chun gníomhaíochtaí a ghlacadh ar láimh, de bhun na ngealltanas de réir an Rialacháin um Chumaisc, a chinneadh tríd na gealltanais sin atá tábhachtach, dá bhrí sin, dá roghanna tráchtála agus is dócha go n-eascróidh ionchais dhlisteanacha óna dtaobhsan astu ([9]).

([7]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

([8]) Airteagal 41(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391).

([9]) Cás T-430/18, American Airlines, Inc., ECLI:EU:T:2020:603, §275.

(16) De réir analaí d'Fhógra um Leigheasanna an Choimisiúin ([10]) lena ndéantar foráil, i gcomhthéacs tharscaoileadh, modhnú nó ionadaíocht na ngealltanas, go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh tuairim tríú páirtithe agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag modhnú ar sheasamh tríú páirtithe (agus, dá bhrí sin, ar éifeachtacht foriomlán na ngealltanas sin) ([11]). Déanfaidh an Coimisiún a mheas freisin an ndéanann modhnuithe difear do na cearta a fuair na tríú páirtithe cheana tar éis chur chun feidhme na ngealltanas sin nó nach ndéanann.

(17) Ar an tríú dul síos, féadfaidh an t-aistriú a bheith ina dhíol spéise do thríú páirtithe eile ar mhaith leo cur isteach ar Shliotáin faoi na Gealltanais amach anseo.

(18) Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar aon pháirtí leasmhar a thuairimí a chur in iúl maidir leis an aistriú féideartha chuig an UIM i ndáil le faireachán a dhéanamh ar Ghealltanais agus iad a fhorfheidhmiú. D'iarr an Coimisiún ar IAG ([12]), mar pháirtí a ndearna na Gealltanais ceangailteach air, chomh maith le Air France ([13]), Saudi Arabian Airlines ([14]), EgyptAir ([15]), Virgin Atlantic Airways ([16]), agus Air Canada ([17]), a bhaineann siad uile tairbhe as cearta a fuarthas faoi na Gealltanais, barúlacha a thabhairt. Ar deireadh, d'fhógair an Coimisiún go poiblí a réamhthuairim go bhfuil sé oiriúnach faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas a aistriú chuig UIM, de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus d'iarr sé ar aon tríú páirtí leasmhar aon bharúil a bheadh acu a chur faoina bhráid. ([18])

(19) Cé nach bhfuil ceangal ar an gCoimisiún formheas na bpáirtithe leasmhara maidir leis an aistriú a fháil, tabharfaidh sé aird chuí ar na tuairimí a chuir na páirtithe sin in iúl agus fíoróidh sé nach mbeidh aon drochthionchar míchuí ag an aistriú ar na cearta a fuair siad roimhe seo de bhun na nGealltanas.

(20) Sa litir uaidh an 13 Márta 2024, dheimhnigh IAG nach bhfuil aon agóid aige i gcoinne an aistrithe bheartaithe.

(21) Trí ríomhphost an 13 Márta 2024, chuir Air France KLM ('AF-KLM') a imní in iúl i ndáil leis an bhféidearthacht go mbeidh modhnú ar na Gealltanais mar thoradh ar an aistriú atá beartaithe, agus thug sé dá aire i gcás go ndéanfar athrú sna Gealltanais, go '*molfadh sé go láidir*' don Choimisiún 'leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na leigheasanna, mar atá sé i dteideal de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ionas gur féidir éifeachtacht na leigheasanna a dheimhniú, agus dá bhrí sin, leasanna taistealaithe an Aontais ar an mbealach sin a chosaint freisin'.

(22) Trí litir an 9 Aibreáin 2024, chuir glacadóir leighis eile a thuairim in iúl gurbh fhearr a dhéanfadh an Coimisiún faireachán ar an Gealltanais agus iad a fhorfheidhmiú. Mhínigh an glacadóir leighis i gcás ina raibh údar imní aige mar ghlacadóir leighis faoi na Gealltanais i bhfianaise iompraíocht IAG/British Airways, bhraith sé go raibh tairbhe ag baint leis na húdair imní sin a chur in iúl go díreach don Choimisiún. Measann an glacadóir leighis gur éifeachtach an cur chuige sin i bhfianaise chúlra mionsonraithe agus thaithí an Choimisiúin i ndáil leis an imscrúdú foluiteach maidir le cás *IAG/bmi* agus an tuiscint atá aige ar raon feidhme agus aidhmeanna beartaithe na nGealltanas. Is ábhar imní don ghlacadóir leighis ar ndóigh nach mbeidh an cúlra agus an taithí chéanna ag UIM agus, trí fhreagracht a aistriú chuig UIM, nach mbeidh faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas chomh héifeachtach céanna.

(23) Níor chuir aon pháirtí eile tuairim in iúl maidir leis an aistriú beartaithe.

([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le leigheasanna atá inghlactha faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún, (IO C 267, 22.10.2008, lch. 1), §74.
([11]) Féach, e.g., Cás M.4494 — Evraz/Highveld, Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2019, aithrisí 14-16.
([12]) Trí litir an 28 Feabhra 2024.
([13]) Trí litir an 28 Feabhra 2024.
([14]) Trí litir an 28 Feabhra 2024.
([15]) Trí litir an 1 Márta 2024.
([16]) Trí litir an 25 Márta 2024.
([17]) Trí litir an 25 Márta 2024.
([18]) IO C, C/2024/1987, 6.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1987/oj.

3.3. *Measúnú*

(24) Seachas an ceanglas le haghaidh comhaontú sainráite UIM, ní liostaítear aon choinníoll ná aon chritéar d'aistriú dá leithéid in Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, is ar lánrogha an Choimisiúin atá sé a chinneadh an bhfuil cás oiriúnach le haghaidh aistrithe, ar bhonn measúnú cás ar chás, agus aon tuairim arna cur in iúl ag páirtithe leasmhara á cur san áireamh.

(25) Mar gheall ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, measann an Coimisiún gur oiriúnach faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas sa chás seo a aistriú chuig UIM.

(26) Ar an gcéad dul síos, baineann an cás le go príomha leis an Ríocht Aontaithe agus tomhaltóirí neamh-LEE eile agus, mar sin, is iomchuí go mbeadh UIM freagrach as faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas chun leasanna thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe a chosaint. De bhun na nGealltanas, tá na Sliotáin leighis le hoibriú ar bhealaí sonracha. Ní bhaineann ach ceann amháin de na bealaí sin le ceann scríbe sa LEE (LHR-Nice), ach na bealaí eile ar ar féidir Sliotáin leighis a oibriú, is bealaí laistigh den Ríocht Aontaithe iad (LHR-Obar Dheathain agus LHR-Dún Éideann), nó bealaí lena nasctar Londain le cinn scríbe neamh-LEE (Moscó, Caireo, agus Riyadh). In 2019, maidir le Tionscnamh agus Ceann Scríbe agus paisinéirí iomlána (i.e. lena n-áirítear paisinéirí traschuir) 16 % agus 13 % faoi seach (350 034 agus 511 494 paisinéir faoi seach) a bhí i gceist ar an mbealach LHR-Nice de Thionscnamh agus Ceann Scríbe agus paisinéirí iomlána ar gach bealach leighis (2 188 002 agus 3 811 214 paisinéir) ([19]). Ina leith sin, measann an Coimisiún go bhfuil na dreasachtaí uile ag UIM na Gealltanais a chur chun feidhme, lena n-áirítear an bealach LHR-Nice, toisc go ndéanann na Gealltanais difear do roinnt tomhaltóirí de chuid na Ríochta Aontaithe. Thairis sin, tá cúis ag UIM na Gealltanais a chur chun feidhme, lena n-áirítear ar an mbealach LHR-Nice, toisc go soláthraítear na seirbhísí arna soláthar do chustaiméirí LEE ar an mbealach freisin sa Ríocht Aontaithe, agus toisc gur tábhachtach an bealach LHR-Nice chun a áirithiú go ndéanfar taistealaithe fóillíochta agus gnó a nascadh le ceantar cathrach Londain.

(27) Ar an dara dul síos, na Gealltanais i ndáil leis na Sliotáin agus na comhaontuithe pro rata i measc nithe eile, tá siad le cur chun feidhme in LHR sa Ríocht Aontaithe, agus tá na Sliotáin LHR faoi réir rialacha agus cinntí rialála de chuid na Ríochta Aontaithe ó na húdaráis náisiúnta de chuid na Ríochta Aontaithe lena n-áirítear an comhordaitheoir sliotán LHR agus an Roinn Iompair de chuid na Ríochta Aontaithe. Is fearr atá UIM in ann teagmháil leis na húdaráis sin a láimhseáil in áit an Choimisiúin.

(28) Ar an tríú dul síos, ní mheasann an Coimisiún go mbeidh aon drochthionchar ag an aistriú ar aon cheann de na páirtithe leasmhara. Ar an gcéad dul síos, i ndáil le himní AF-KLM go bhféadfaí modhnú ar na Gealltanais a bheith mar thoradh ar an Aistriú, tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar leis an gcinneadh reatha na Gealltanais a aistriú mar atá. Níor iarr IAG aon mhodhnú ar nó tarscaoileadh na nGealltanas i gcomhthéacs an aistrithe atá beartaithe. Cé nach féidir a eisiamh go ndéantar iarraidh ar mhodhnú nó ar tharscaoileadh amach anseo de bhun imeachtaí náisiúnta na Ríochta Aontaithe, ba ghá measúnú a dhéanamh ar iarrataí den sórt sin bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach sa chlásal athbhreithnithe a áirítear sna Gealltanais, a aistrítear ina n-iomláine.

(29) Ar an dara dul síos, i ndáil le himní an ghlacadóra leighis eile nach mbeidh an cúlra agus an taithí céanna ag UIM i gcomparáid leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na Gealltanais agus iad a fhorfheidhmiú (mar a shainmhínítear in aithris (22) thuas), tugann an Coimisiún dá aire go leanfaidh an tIontaobhaí Faireacháin, a bhfuil saineolas aige sa tionscal eitlíochta agus a chuidigh leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar na Gealltanais ó bhí an Cinneadh maidir le Cumaisc ann, cuidiú comhchosúil a sholáthar don UIM i ndiaidh an aistrithe. Thairis sin, tá taithí ag UIM maidir le faireachán agus forfheidhmiú na leigheasanna sliotáin agus comhaontuithe pro rata, trí bhearta eatramhacha a eisíodh ina imscrúdú ar an gComhaontú maidir le Gnó Comhpháirteach ar Bhealach an Atlantaigh ([20]). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach n-imreoidh an t-aistriú tionchar diúltach ar éifeachtacht faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas.

([19]) Meastacháin de chuid Iontaobhaí Faireacháin ag baint úsáid as sonraí de chuid MIDT agus CAA. In 2023, tháinig méadú 24 % (434 214 phaisinéir) ar sciar den bhealach LHR-Nice agus 19 % (633 101 paisinéir) de Thionscnamh agus Ceann Scríbe agus iomlán na bpaisinéirí ar na bealaí leighis faoi seach, toisc nach bhfuil aon phaisinéir ag eitilt faoi láthair ar an mbealach LHR-Moscó, i measc cúiseanna eile.

([20]) Cás UIM uimhir 50616, cinntí an 7 Meán Fómhair 2020 agus an 4 Aibreán 2022.

(30) Ar an gceathrú dul síos, meastar go mbeidh acmhainní fós de dhíth sa chás sa todhchaí. Toisc go ndéanann an cás difear go príomha do mhargaí agus tomhaltóirí de chuid na Ríochta Aontaithe, nó do chustaiméirí eile neamh-LEE atá ag taisteal go dtí/ón Ríocht Aontaithe, dealraíonn sé gurb iomchuí na hacmhainní seo a bheith dílsithe don Ríocht Aontaithe. Mar a shainmhínítear in aithris (3) thuas, is de thréimhse neamhtheoranta iad na Gealltanais agus, seachas i gcás aon tarscaoileadh a dheonaítear de bhun an chlásail athbhreithnithe, beidh siad fós i bhfeidhm a fhad agus nach dtiocfaidh athrú ar an staid iomaíoch sna margaí ábhartha. A fhad agus atá na Sliotáin fós ar fáil nó má bhíonn siad ar fáil arís, agus a dhéantar iarratas iad a fháil, cinntí lena ndéantar measúnú ar inmharthanacht Iontrálaithe Ionchasacha a dhéanann iarratas ar Shliotáin leighis agus formheas comhaontaithe idir IAG/British Airways agus na glacadóirí leighis, chomh maith le cinntí lena ndeonaítear cearta marthanachta, beidh gá i gcónaí leis na cinntí sin. Fiú má dheonaítear na Sliotáin leighis uile do ghlacadóirí leighis agus nuair a dheonaítear iad, leanfar d'fhaireachán ar chomhlíontacht IAG leis na Gealltanais a fhad agus a bheidh na Gealltanais i bhfeidhm.

(31) Ar an gcúigiú dul síos, tá údar le haistriú na n-oibleagáidí leighis uile agus tá sé comhréireach. Ní féidir bealach LHR-Nice (an t-aon bhealach le ceann scríbe LEE) a scaradh ó na bealaí eile. De bhun na nGealltanas ([21]), tairgtear Sliotáin mar chomhthiomsú, ina bhfuil líon uasta Sliotán a bhféadfadh úsáid a bhaint astu ar chineálacha áirithe bealaí (is iad sin laistigh den Ríocht Aontaithe nó lasmuigh di). As na bealaí uile a chumhdaítear leis na Gealltanais, braitheann na bealaí ar a ndéanfar na Sliotáin a oibriú ar na hiarrataí ó na hIontrálaithe Ionchasacha.

4. **Raon feidhme an aistrithe**

(32) Cumhdaítear leis an aistriú chuig UIM faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach na nGealltanas ina n-iomláine. Mar thoradh ar an aistriú, ní thabharfaidh an Coimisiún faoi aon ghníomhaíocht faireacháin ná forfheidhmithe a thuilleadh i ndáil leis an gcás seo.

(33) De réir na chéad abairte d'Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, 'mura gcomhaontaítear a mhalairt idir an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás iomaíochta náisiúnta a d'ainmnigh an Ríocht Aontaithe, leanfaidh an Coimisiún Eorpach de bheith inniúil ar fhaireachán a dhéanamh ar na Gealltanais […] agus na gealltanais sin […] a fhorfheidhmiú…'. Tagraíonn an dara habairt d'Airteagal 95(2) don fhéidearthacht 'faireachán agus forfheidhmiú Gealltanais den sórt sin…' a aistriú chuig UIM. Dá réir sin, de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, cumhdófar leis an aistriú i bprionsabal gach gné d'fhaireachán agus d'fhorfheidhmiú agus na gníomhaíochtaí uile is gá le haghaidh faireacháin agus forfheidhmithe den sórt sin.

(34) I bhfianaise a bhfuil thuas, i ndiaidh an aistrithe de réir Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní dhéanfaidh an Coimisiún idirghabháil a thuilleadh maidir le haon ghné d'fhaireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas. Go háirithe, ní féidir iarraidh air a thuilleadh athbhreithniú a dhéanamh ar na Gealltanais nó a chúlghairm, ná ní fhorchuirfeadh sé fíneálacha i gcás sáraithe a tharla roimh an aistriú ([22]). Dá réir sin, i ndiaidh an aistrithe, beidh UIM freagrach as seo amach as faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas ar gach slí.

(35) Ar deireadh, ba cheart é a shoiléiriú, i ndiaidh an aistrithe de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, go mbeidh UIM freagrach as faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas de bhun a dhlí náisiúnta féin. Ina leith sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de bhun Airteagal 95(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Cinneadh maidir le Cumaisc ceangailteach ar an Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, is faoi na tríú páirtithe a gcearta féideartha a eascraíonn as an gCinneadh maidir le Cumaisc laistigh den chóras dlí intíre den Ríocht Aontaithe a fheidhmiú.

5. **Conclúid**

(36) Ar bhonn na mbreithnithe a leagtar amach thuas, agus aire a thabhairt do thuairimí na bpáirtithe leasmhara, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas a rinneadh ceangailteach i gCás M.6447 — *IAG/bmi* a aistriú chuig UIM.

([21]) Clásal 1.1.2.

([22]) Comhfhreagraíonn sé sin don chomhthuiscint gur cheart a mheas gur é atá sna gealltanais a athbhreithniú nó a chúlghairm agus fíneálacha a fhorchur cineálacha forfheidhmithe na ngealltanas de bhun an Rialachán um Chumaisc. Deimhnítear é sin le haithris 31 den Rialachán um Chumaisc, i ndáil le forfheidhmiú na ngealltanas, ina ndéantar tagairt don fhéidearthacht cinntí maidir le cumaisc a chúlghairm agus an cumhacht smachtbhannaí airgeadais a fhorchur. Féach cás T-471/11 freisin, *Editions Odile Jacob*, §§82-83.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar faireachán agus forfheidhmiú na nGealltanas i gCás M.6447 — *IAG/bmi* a aistriú chuig údarás iomaíochta náisiúnta ainmnithe de chuid na Ríochta Aontaithe, rud a chuirfear in iúl dó sa Chinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN